

FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS (ERC)

FOLÚNTAS D'OIFIGEACH TIONSCADAIL (OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN - BUAN)

Cúlra

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966, agus tá sé lonnaithe ar Champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Campas Choláiste Phádraig, i nDroim Conrach. Déantar taighde ar iarratais ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ghníomhaireachtaí eile (m.s. NCCA nó NCSE) agus ar thosaíocht na foirne san FTO. Déanann an Foras soláthar freisin ar sheirbhís mheasúnaithe don chóras oideachais, mar shampla, trialacha caighdeánacha a fhorbairt agus a dháileadh don úsáid ag scoileanna. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an FTO ag www.erc.ie.

Sonraíocht Poist

Fáiltítear roimh iarratais mar oifigeach tionscadail.

Post é seo atá ann cheana agus baineann sé le bheith ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach, le Riarthóir Sinsearach, agus leis na bhfoireann riaracháin agus taighde.

I measc na gcroífhreagrachtaí a tharlóidh le tacaíocht agus maoirsiú ón Riarthóir Sinsearach beidh:

- Riarachán ginearálta
- Bainistíocht ar lóistíochtaí a bhaineann le hiliomad tionscnamh a bhíonn ag tarlú ag an am céanna, lena n-áirítear foireann ócáidiúil a bhainistiú
- Soláthar
- Bainistíocht saoráidí.

Déanfar an ceapachán ar bhonn buan faoi réir ag tréimhse promhaidh 6-mhí a bheith comhlíonta go sásúil.

D'fhéadfadh go gcruthófaí painéal amháin nó níos mó ná sin óna bhféadfaí folúntais dá leithéid a líonadh sa todhchaí. Beidh na painéil i bhfeidhm do thréimhse 12 mí ó spriocdháta na n-iarratas agus d'fhéadfaí síneadh 6 mhí breise a chur leis sin.

Táthar ag súil go ndéanfar na hagallaimh a reachtáil laistigh de choicís ón spriocdháta ina bhfaighfear na hiarratais. Beidh gearrliostáil i gceist.

Caithfidh iarratasóirí iad seo a chur san áireamh:

- litir chumhdaigh a dhéanann cur síos ar an tslí ina sásaíonn scileanna agus taithí an iarratasóra riachtanais an phoist
- curaclam vitae
- ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóir

SPRIOCDHÁTA: 5.00 PM, DÉ HAOINE 8 FEABHRA, 2019.

chuig: vacancies@erc.ie

nó sa phost chuig: Folúntais, Foras Taighde ar Oideachas, DCU (Campas Choláiste Phádraig), Droim Conrach, D09 AN2F.

(Ba chóir go gcruthódh iarratais ar ríomhphost uathfhreagra – muna bhfaigheann tú freagra go luath tar éis duit d'iarratas a chur isteach déan teagmháil le Patricia Gaffney ag 01 837 37 89.)

Soláthraíonn an FTO timpeallacht oibre sholúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach agus is fostóir comhionannais é.

Sonraíocht Phoist

An Post

Cuideoidh an duine a cheapfar leis an bPríomhfheidhmeannach, le riarthóir Sinsearach agus le foirne taighde éagsúla maidir le raon tascanna lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Bainistíocht tionscadal lena n-áirítear (liosta nach bhfuil uileghabhálach):
 - Lóistíochtaí, lena n-áirítear córais chun ábhair tionscnaimh a dháileadh agus a fháil ar ais ó scoileanna, socruithe don obair allamuigh i scoileanna, cumarsáid le scoileanna agus le foireann lánaimseartha agus páirtaimseartha an Fhorais
 - Plé le soláthraithe
 - Buiséid do thionscadail a mhonatóireacht
 - Riachtanais agus riarachán bainteach le foireann ócáidiúil a bhainistiú
 - Monatóireacht ar chomhad comhlíontachta do riarachán tionscadail mar atá ag an bhForas (Conarthaí, eolas GDPR srl.)
- Clár Riosca (monatóireacht agus uasdhátú)
- Soláthar (mar an tOifigeach Soláthair ainmnithe, riachtanais soláthair a mhonatóireacht do thionscadail a bheidh ag tarlú agus tairiscintí a eagrú nuair a bhíonn gá leo)
- Imeachtaí a eagrú/thacú
- Riarachán ginearálta (ina measc tacaíocht do chruinnithe inmheánacha, leis an bhfón, oifig fáilte, post)
- Plé le nithe a bhaineann leis an fhoirgneamh a chothabháil
- Aon tascanna eile a bhféadfadh gá a bheith leo ó am go ham.

Is cosúil go mbeidh forbairt agus athrú ag teacht ar roinnt d'éilimh an phoist sa todhchaí, agus beidh gá le cur chuige solúbtha.

Ba chóir iad seo a leanas a bheith ag gach iarratasóir:

- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín ábhartha (m.sh. riarachán, bainistíocht tionscadail)
- Taithí ar sholáthar (tairiscintí a dhréachtadh, go hídéalach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais)
- Taithí léirithe ar bhainistíocht tionscadail
- Taithí maith oibre le MS Word agus Excel
- Eolas ar, nó a bheith sásta foghlaim faoi, bhogábhar clóchuradóireachta (m.sh. Indesign) agus/nó bogábhar graificí
- Scileanna éifeachtacha idirphearsanta agus cumarsáide (ó bhéal agus i scríbhinn), lena n-áirítear teagmháil le scoileanna agus institiúidí nó eagraíochtaí oideachasúla eile
- Sár-scileanna pleanála agus eagair
- Dea-éifeachtacht phearsanta, solúbthacht agus cumas fadhbanna a réiteach
- Cumas a bheith ag obair as a stuaim féin agus go comhoibríoch
- An cumas tosaíochtaí a aithint agus iliomad tascanna a láimhseáil faoi bhrú ama.

Is inmhianaithe, ach níl sé éigeantach, láncheadúnas tiomána glan agus rochtain ar charr do chúiseanna oibre ócáideacha bainteach leis an obair.

Scála Tuarastail: €26,624 – €49,152

Déanfar na ceapacháin ar Scála Oifigeach Feidhmiúcháin don Earnáil Phoiblí ag pointe atá de réir Polasaí Pá an Rialtais faoi láthair, le hiontrálaithe nua ag tosú **ag an gcéad phointe den scála.**